Brollach

Tá impleachtaí nach beag ag na hathruithe eacnamaíocha agus sóisialta a tharla le blianta beaga anuas sa Chlár agus ar fud an náisiúin – athruithe nach bhfacthas a macasamhail riamh roimhe seo – do ghníomhaíreachtaí a bhíonn bainteach le seachadadh seirbhísí.

Tá na tionscail traidisiúnta ag imeacht den saol, tá geilleagar an eolais ag formhéadú, is ísle na leibhéil dífhostaíochta ná riamh, agus is í an inimirce seachas an eisimirce atá mar thréith choitianta de shaol na hÉireann. Ní gach uile dhuine a bhain tairbhe as an rath úrnua seo, ámh. Is amhlaidh an gá a bheith ann de bharr luas na n-athruithe go mbeadh gníomhaireachtaí bainteach leis an bpleanáil straitéiseach chun freagairt dá réir.

Ba leis an gcúlra sin a chinn an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go mba chóir do gach Bord Forbartha Contae/Cathrach dul i mbun athbhreithniú dá Straitéis Chomhtháite sa bhliain 2005. Ba í Straitéis Chomhtháite an Chláir "Shaping the Future (2002-2012)", a seoladh i bhFeabhra na bliana 2002, an gormchló um beartas straitéiseach do gach eochair-ghníomhaireacht agus eochair-eagras i gContae an Chláir chun aontú ar fhís choitianta do thodhchaí an Chontae i gcomhthéacs na forbartha eacnamaíche, sóisialta agus cultúrtha.

Is cúis áthais dom le tuairisciú, go dtí seo, go bhfuiltear tar éis go leor de na gníomhartha a fhaightear sa cháipéis seo a chomhlíonadh nó go bhfuiltear ina mbun faoi láthair. Ba mhian liom aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí an iomaí gníomhaireachtaí agus grúpaí sa Chlár a chuir go rathúil le baint amach na spriocanna a shocraítear i Straitéis Chomhtháite an BFC féin.

Is contae é an Clár a aithnítear agus a mholtar as áilleacht a thírdhreacha, a chultúir, agus as croíúlacht a mhuintire. Aithnítear sna gníomhartha tosaíochta a aithnítear sa Straitéis úr seo na fadhbanna a bheidh os comhair an chontae sna trí bliana amach romhainn, ámh; agus tugtar aghaidh orthu sna gníomhartha sin.

Glacaim buíochas leis an bpobal agus go háirithe le gach ball de na sé Ghrúpa Fhorfheidhmiúcháin agus den Bhord a chuir leis an bpróiseas. Glacaim buíochas ar leith le foireann na Stiúrthóireachta Pobail agus Fiontair de chuid Chomhairle Contae an Chláir a chuir iarracht ábhalmhór isteach le hullmhú na cáipéise seo. Tá Bord Forbartha Chontae an Chláir tiomanta do ról gníomhach a fheidhmiú chun freagairt do thimpeallacht shíor-athraitheach sa Chlár agus do cheannaireacht i bhforfheidhmiú an Athbreithnithe seo.

Gach rath ar an obair.

An Cmhlr. Pat Hayes
Cathaoirleach
Bord Forbartha Chontae an Chláir